

REILIG AN CHNOIC

Pól Ó Foighil

Bunaíodh Coiste i 2002 leis an dá Reilig a choinneáil glan, néata agus slachtmhar. Tagann Baill an Choiste (agus daoine eile nach bhfuil ar an gCoiste) le chéile go deonach go seachtainiúil (Dé Máirt) leis an obair seo a chur i gcrích, ó lár Bealtaine go tús Dheireadh Fómhair.

Bhí obair an-mhór le déanamh i mbliana sa mhéid is gur éirigh leo Seanreilig an Chnoic (a osclaíodh 1907) a ghlanadh. Bhí fíor-dhroch-chaoi ar an Reilig seo le blianta. Níl an obair fheabhsúcháin críochnaithe go hiomlán fós ach tá súil againn buaileadh faoi arís i 2004. D'éirigh linn tarmacadam a chur ar na cosáin uilig sa Reilig nua chomh maith le *kerbstones* a shocrú. Bailítear an dramhaíl agus an bruscar cúpla uair sa mbliain. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil suim an Phobail i gothabháil a gcuid uagheanna ag treisiú in aghaidh na bliana. Tugann sé misneach dúinn go bhfuil sé seo ag tarlú.

Dar ndóigh, bíonn muid ag súil le cúntóirí breise

chuile bhliain. Theastódh tuairim is seisear eile cúntóirí don bhliain seo chugainn a bheadh sásta uair an chloig a chaitheamh chuile dara Máirt leis an obair ghlantacháin a dhéanamh níos éasca dúinn uilig.

Costais 2003

Seo iad na costais agus na fáлтаis a bhí i gceist in imeacht na bliana seo atá caite:

Costais: €2,675; Síntiús Pobail: €1,380; Síntiús Co. Co.: €1,270; Fuilleach: €(€25).

Tá an Coiste fíorbhuíoch don Phobal a thug síntiús dúinn agus dóibh siúd a thus cúnaimh agus nach bhfuil ar an gCoiste.

Tograí do 2004


- An tSeanreilig a athchóiriú
- Ballaí cloch a thógáil ag an Reilig nua
- Stór a thógáil don trealamh a bhaineann le uaigh a oscailt

Coiste na Reilige: Pól Ó Foighil (*Eagraí*), Seán Ó Srutháin, Máirtín Ó Curaidhín, S. Ó Neachtain, Tom Johnny Frank Breathnach, Stiofán Ó Conchubhair, Séamus Ó Conchubhair, Seán Ó Cúláin, Katie Uí Chuláin, C. Mac Cloiscaigh.

Super Valu Siopa an Phobail

Indreabhán

Fón: 091-593020 Faics: 091-593338



Taisteal na Cruinne, Unit 4, Spiddal, Co. Galway, Éire

Tel.: 091 - + 353 91-553149 / + 353 91-504997 Facs: 091 - + 353 91-553289

Ríomhphost: coleman@tnacwslmail.com



Fuinneamh Gaoithe Teo.

An Cnoc

"Ginnadóirí Cumhachta"

SOCOS

le Pádraig Ó Concheanainn

Ba i mí Mheán an Fómhair na bliana 1994 a tháinig SOCOS Teo. ar an bhfód an chéad lá riamh. Bunaíodh an comhlacht, le seirbhís stáiseanóireachta agus thoscán oifige a chur ar fáil i gceantar Chonamara agus sa réigiún máguaird. Ba é Pádraic Ó Concheanainn, a raibh taithí na mblianta aige sa ghnó, a bhí i mbun an chomhlachta. Ba i gColáiste Dara, i mBaile an Tigh Mhoir, a thosaigh an comhlacht, an chéad lá. D'aistrigh siad soir go hEastát Tionscalaíochta na Coille Rua in Aibreán na bliana 1995, tráth a raibh ionad cuí réitithe ag Údarás na Gaeltachta dóibh. De réir a chéile, tháinig méadú ar an ngnó, agus ar an gcomhlacht dá bharr sin, agus chuir Údarás na Gaeltachta breis spáis ar fáil i 1999.

Ghlac an comhlacht ballraíocht in Integra Office Solutions Ltd. as an mBreatain Bheag i 1996, comhlacht a chuireann cúrsaí traenála agus tacaíocht ar fáil do ghnó na stáiseanóireachta. Bhronnadar an Gradam *Dealer of the Year* ar SOCOS Teo. sa bhliain 2000. Ba iad an chéad chomhlacht Éireannach ar bronnadh an gradam seo orthu go dtí seo.

Gradam

Sa bhliain 2001, ghnóthaigh siad an comórtas áitiúil, agus roinneadar an gradam náisiúnta sa gcomórtas idir chomhlachtaí Gaeltachta, *Fondúireacht an Údaráis*. Sa bhliain 1999, ghlacadar ballraíocht i BNI, eagraíocht ina bhfuil ballraíocht ag daoine gairmiúla agus ag comhlachtaí a thagann le chéile go seachtainiúil agus a mhalartaíonn eolas agus gnó.

Is iomaí bileog pháipéir, cathaoir agus bord atá gaithe tríd a lámha ó hosclaíodh na doirse i Meán Fómhair na bliana 1994. Is iomaí áit, comhlacht agus ionad oideachais ar cuireadh earraí ar fáil dóibh. Tá earraí nach beag curtha ar

fáil ar thrí oileán Árann, Oileán Thoraigh agus Inis Bigil; ó Ghaoth Dobhair go Luimneach agus ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Clochán.

I dtús na bliana seo, fuair siad conradh ón gcomhlacht Kelly Todd Architects (Gaillimh agus Béal Feirste) agus Nolan Ryan Partnerships (Luimneach) leis an troscán oifige uile a chur ar fáil d'fhoirgneamh nua BMES m Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair le comhlacht ón Mór-roinn le réimse áirithe thoscán oifige a chur ar fáil in iarthar na hÉireann.

Meiriceá

Tá cainteanna ar bun freisin le comhlacht as Stáit Aontaithe Mheiriceá le hionadaíocht a dhéanamh ar son an chomhlachta in Éirinn agus le comhlacht eile fós, chun a gcuid earraí a dháileadh in Éirinn.

Ní neart go cur le chéile agus is dócha freisin gur féidir a rá gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Is cinnte gur féidir leis an gcomhlacht seo méadú, forbairt agus breis fostaíochta a chur ar fáil le tacaíocht ó mhuintir Chonamara. Is cinnte leis, gur i neart a bheidh an comhlacht ag dul sna blianta beaga seo romhainn.

*Is iomaí
bileog
pháipéir,
cathaoir agus
bord atá gaithe
tríd a lámha ó
hosclaíodh na
doirse i Meán
Fómhair na
bliana 1994.*